



2024/1475

31.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1475 ÓN gCOIMISIÚN
an 30 Bealtaine 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ ('an bhun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1331/2011 ⁽²⁾ d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar phíobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta ('an táirge faoi athbhreithniú' nó 'SSSPT') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' air anseo feasta.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/330 ⁽³⁾, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') na bearta frithdhumpála cinntitheacha arís tar éis athbhreithniú éaga.
- (3) Na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, is rátaí idir 48,3 % agus 71,9 % atá siad.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

- (4) Tar éis fhoilsiú an fhógra maidir le dul in éag ⁽⁴⁾ atá le tarlú i dtaca leis na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm ar hallmhairí SSSPT de thionscnamh na Síne, fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bhun-Rialachán').
- (5) Chuir Comhlachas Eorpach um Fheadáin Chruach ('ESTA' nó 'an t-iarratasóir') an iarraidh ar athbhreithniú ('an iarraidh') isteach an 2 Nollaig 2022, thar ceann thionscal SSSPT an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar leis an dumpáil agus an díobháil do thionscal an Aontais nó go ndéanfar an athuair iad.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ IO L 336, 20.12.2011, lch. 6.

⁽³⁾ IO L 63, 6.3.2018, lch. 15

⁽⁴⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:C:2022:241:TOC>

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

- (6) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga, an 3 Márta 2023, maidir le hallmhairí SSSPT isteach san Aontas de thionscnamh na Síne ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽⁵⁾ ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú.

- (7) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. Páirtithe leasmhara

- (8) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, gach táirgeoir aitheanta an Aontais, na táirgeoirí aitheanta sa tSín agus údaráis na Síne chomh maith le hallmhairéoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu bheith rannpháirteach ann.
- (9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.6. Sampláil

- (10) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. Sampláil tháirgeoirí an Aontais

- (11) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid táirgeachta is mó den táirge comhchosúil san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a d'fhéadfaí a imscrúdú le réasún laistigh den am atá ar fáil. Is éard a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí 46 % de tháirgeacht iomlán mheasta sa Aontas ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil, agus dhearbhaigh an Coimisiún an sampla a roghnaíodh go sealadach. Bhí an sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

1.6.2. Sampláil na nAllmhairéoirí

- (12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhairéoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.
- (13) Níor tháinig aon allmhairéoir neamhchomhlachaithe chun tosaigh, áfach, chun an fhaisnéis a iarraidh a sholáthar.

⁽⁵⁾ IO C 80, 3.3.2023, lch. 56.

1.6.3. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín*

- (14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí aitheanta uile sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar údaráis na Síne táirgeoirí eile, más ann dóibh, a bhféadfadh suim a bheith acu i bpáirt a ghlacadh san imscrúdú, a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo.
- (15) Tráth an tionscnaimh, chuir an Coimisiún cóip de na ceistneoirí ar fáil sa chomhad le haghaidh iniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. ⁽⁶⁾
- (16) Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ar an gcleachtadh samplála ó tháirgeoirí Síneacha, cé is moite de Shanghai Baoluo Stainless Steel Tube Co. Ltd. ('BSS'). Dá bhrí sin, níor ghá sampláil a dhéanamh. D'iarr an Coimisiún Eorpach ar BSS an ceistneoir a bhí beartaithe do tháirgeoirí onnmhairiúcháin a chomhlíonadh. Chuir an chuideachta freagra ceistneora ar fáil. Léirigh an fhaisnéis a cuireadh isteach i bhfreagra BSS ar an gceistneoir, gur lú ná 25 % d'onnmhairí iomlána an táirge faoi imscrúdú ón tSín chuig an Aontas a onnmhairí chuig an Aontas. Mheas an Coimisiún nach gcuirfeadh na hallmhairí sin faisnéis leormhaith ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhumpáil, ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus/nó go ndéanfar an athuair í le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus nach bhféadfaí a mheas go bhfuil siad ionadaíoch ar iomlán na n-allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara, lena n-áirítear BSS, ar an eolas go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, agus go mbeadh na torthaí maidir le dumpáil agus leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil agus/nó go ndéanfar an athuair iad sa tSín bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil.
- (17) Chuir an Coimisiún in iúl do BSS freisin, i bhfianaise an mhéid thuas, cé nach ndéanadh sé próiseas fíorúcháin iomlán ar a fhreagra ar an gceistneoir, go n-úsáidfí fós san imscrúdú a fhaisnéis maidir le táirgeacht agus díolacháin, go háirithe onnmhairí chuig tríú tíortha agus onnmhairí chuig an Aontas, mar chuid de na fíorais atá ar fáil.
- (18) Chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne freisin go mbeadh sé ag brath ar na fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (19) Ina dhiaidh sin, d'iarr BSS ar an gCoimisiún leanúint den phróiseas fíorúcháin agus corrlach dumpála aonair a shuí, agus chuaigh sé i muinín an Oifigigh Éisteachta freisin. Chomhaontaigh an Coimisiún leanúint den phróiseas fíorúcháin, ach chuir sé in iúl do BSS nach raibh sé ar intinn aige corrlach dumpála aonair a shuí le haghaidh BSS faoi chuimsiú athbhreithniú éaga. An 19 Meán Fómhair 2023, chuir BSS in iúl don Choimisiún nach leanfadh sé den phróiseas easnaimh agus nach dtabharfadh sé freagra ar an litir easnaimh a seoladh chuig BSS an 11 Meán Fómhair 2023, i.e. scoir sé den chomhar.
- (20) I bhfianaise an mhéid thuas, chun na foinsí a shuí a úsáidtear chun an gnáthluach a chinneadh, d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga, arna tabhairt cothrom le dáta i gcás ina raibh sí ar fáil, i gcomhar le foinsí eile faisnéise atá ar fáil a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéar ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán.
- (21) Áirítear leis na foinsí sin bunachair sonraí amhail aicmiú tíre an Bhainc Dhomhanda ⁽⁷⁾, GTA ⁽⁸⁾, ORBIS ⁽⁹⁾ mar aon le sonraí airgeadais cuideachtaí arna bhfoilsíú ar an idirlíon.

⁽⁶⁾ <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2658>

⁽⁷⁾ <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>

⁽⁸⁾ <https://www.spglobal.com/marketintelligence/en/mi/products/maritime-global-trade-atlas.html>

⁽⁹⁾ <https://orbis-r1.bvdinfo.com/version-20230919-5-0/Orbis/1/Companies/Search>

1.7. Freagraí ar an gceistneoir agus an fíorú

- (22) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais.
- (23) Lorg agus d'fhóraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais:

- Alleima A.B. (Gävle, an tSualainn);
- Salzgitter Mannesmann Stainless Tubes S.A.S. (Montbard, an Fhrainc)
- Tubacex Tubos Inoxidables, S.A. (Bilbao, an Spáinn)

1.8. An nós imeachta ina dhiaidh sin

- (24) An 14 Márta 2024, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.
- (25) Fuair an Coimisiún barúlacha ó BSS, ag áitiú nárbh é Meicsiceo an rogha iomchuí do thír ionadaíoch. Mhaígh BSS nach raibh cuntais Tenaris Global a úsáideadh mar fhoinse costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabús chun an gnáthluach a ríomh ionadaíoch. Dar le BSS, bhain píobáin agus feadáin gan uaim de chruach charbóin, an táirge a cinneadh go raibh sé sa chatagóir ghinearálta chéanna táirgí, le fine táirgí éagsúil. Ina theannta sin, d'áitigh BSS nach raibh sonraí airgeadais Tenaris Tamsa ar fáil agus go bhféagann cáilíocht na sonraí a fhaightear i gcuntais Tenaris Global, mar gheall ar a raon leathan gnó agus a éagsúlacht gheografach oibríochtaí, go bhfuil a sonraí airgeadais comhdhlúite mí-oiriúnach agus neamhionadaíoch chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a shuí. D'áitigh sé freisin, i bhfianaise an fhasaigh a leagadh síos san athbhreithniú éaga ar shreang mholaibdéinim ⁽¹⁰⁾, i gcás inar roghnaigh an Coimisiún an India, tír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche éagsúil aici leis an tSín, go raibh oibleagáid ann scrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht na hIndia sa chás seo, freisin, ós rud é go raibh an tacar sonraí chun an gnáthluach a ríomh neamhiomlán i gcás Mheicsiceo.
- (26) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh BSS a bhaineann le foinse na gcostas díola, ginearálta agus riaracháin agus an bhrabús a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh. In aithris (106), luaigh an Coimisiún go mbeadh an corrlach dumpála suntasach fiú gan brabús a chur leis an ngnáthluach ríofa. Dá bhrí sin, bhí an argóint gan bhunús.
- (27) Dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint BSS nach raibh píobáin agus feadáin gan uaim de chruach charbóin sa chatagóir ghinearálta chéanna táirgí agus píobáin agus feadáin de chruach dhosmálta toisc gur comhionann a bpróiseas táirgthe, cé go bhfuil an cóimheas idir roinnt ábhair ionchuir éagsúil, go háirithe a gcion cróimiam, agus go bhfuil forluí mór ann maidir lena n-úsáid ó thaobh leachtanna, gáis agus solaid a iompar i bhfeidhmeanna éagsúla. Is píobáin agus feadáin gan uaim agus táirgí cruach iad an dá tháirge, dá bhrí sin meastar go mbaineann siad leis an gcatagóir ghinearálta chéanna táirgí chun críoch an imscrúdaithe seo ar an athbhreithniú éaga.

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1305 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 197, 26.7.2022, lch. 75).

- (28) Chinn an Coimisiún go raibh argóintí BSS a bhaineann le neamh-infhaighteacht agus mí-oiriúnacht shonraí airgeadais Tenaris Global gan bhunús (Féach aithris (26)). Tá an Coimisiún i dteideal sonraí airgeadais a roghnú le haghaidh táirgeoirí táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge atá faoi imscrúdú. Sa chás i dtrácht, déantar sonraí airgeadais Tenaris Tamsa, táirgeoir píobán cruach carbóin, a chomhtháthú i gcuntais a úinéara deiridh: Tenaris Global. Dá bhrí sin, tá maíomh BSS nach bhfuil na sonraí 'ar fáil' mícheart. Maidir le cáilíocht na sonraí airgeadais, tagraíonn an Coimisiún d'aithris (106) inar cinneadh san imscrúdú gur leanadh den dumpáil trí úsáid a bhaint as leibhéil chaighdeánacha costas díola, ginearálta agus riaracháin agus brabúis, agus fiú gan brabús a chur leis, agus an gnáthluach á ríomh. Bhí an corrlach dumpála suntasach sa dá chás. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe a dhéanamh ar deireadh chun cáilíocht na sonraí airgeadais ó Mheicsiceo a fheabhsú, gan trácht ar thír ionadaíoch eile a roghnú bunaithe ar easpa sonraí airgeadais a measadh a bheith ann.
- (29) Dhiúltaigh an Coimisiún freisin don mhaíomh go bhfuil sé faoi oibleagáid scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfianaise airbheartaithe a chuir BSS isteach lena dtacaítear le rogha na hIndia mar thír ionadaíoch. I gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún tír ionadaíoch a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín. Ní raibh aon chúis ag an gCoimisiún, sa chás seo, tír a lorg a bhfuil leibhéal éagsúil forbartha eacnamaíche aici, toisc gur measadh gur tír ionadaíoch iomchuí é Meicsiceo, agus sonraí ar fáil go héasca maidir leis an gcostas táirgthe agus díola comhfhreagrach, a chomhlíonann cuspóir an imscrúdaithe seo ar an athbhreithniú éaga. Mar a leagtar amach in aithris (87) thíos freisin, bhí úsáid na hIndia mar thír ionadaíoch san athbhreithniú éaga ar shreang mholaibdéinim eisceachtúil, mar a luadh go sainráite sa Rialachán ⁽¹¹⁾. Thairis sin, mar a luaitear in aithris 39 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1305 ⁽¹²⁾, sular roghnaigh an Coimisiún an India mar an tír ionadaíoch, rinne sé iarracht 'tír ionadaíoch iomchuí a aimsiú, tír a raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín, ina dtáirgtear táirge comhchosúil, sa chatagóir nó san earnáil ghinearálta chéanna, ach ní raibh sé in ann aon táirge den sórt sin a shainaithint.' Sa chás reatha, roghnaíodh Meicsiceo mar an tír ionadaíoch a tháirgeann feadáin agus píobáin gan uaim de chruach charbóin mar thoradh ar chuardach coibhéiseach an Choimisiúin. Ar chaoi ar bith, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil a chleachtas riaracháin roimhe seo ceangailteach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh fhóralacha an bhun-Rialacháin ⁽¹³⁾.
- (30) Mhaígh BSS nár nocht an coimisiún praghas na dtinní a úsáideadh. Bhí an maíomh sin mícheart, nochtadh na praghsanna a úsáideadh in Iarscríbhinn III de na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

- (31) Is é atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo an táirge céanna a bhí san imscrúdú bunaidh agus athbhreithniú éaga roimhe sin, ná píobáin agus feadáin de chruach dhosmálta gan uaim (seachas píobáin agus feadáin den sórt sin a bhfuil feistis ceangailte leo atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta), atá faoi láthair faoi chóid CN 7304 11 00, 7304 22 00, 7304 24 00, ex 7304 41 00, ex 7304 49 83, ex 7304 49 85, ex 7304 49 89, agus ex 7304 90 00 (cód TARIC 7304410090, 7304498390, 7304498590, 7304498990 agus 7304900091) ('an táirge faoi athbhreithniú').

⁽¹¹⁾ Ibidem, á rá 'I bhfianaise na hanailíse thuas, measadh go heisceachtúil gurbh fhoinsí iomchuí í an India de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomhair na gcostas agus na bpraghsanna neamhsaofa.'

⁽¹²⁾ Ibidem.

⁽¹³⁾ E.g. Breithiúnas an 6 Iúil 2022, Monarú Innealra Zhejiang Hangtong agus Crios Ningbo Hi-Tech Tongcheng Auto Parts v an Coimisiún, T-278/20, ECLI:EU:T:2022:417, mír 70.

- (32) Úsáidtear píobáin agus feadáin gan uaim go príomha sna tionscail seo a leanas: tionscail ceimiceán agus peitricemiceán, táirgeadh leasacháin, giniúint cumhachta, innealtóireacht shibhialta agus foirgníocht, teicneolaíochtaí cógasaíochta agus míochaine, bith-theicneolaíocht, cóireáil uisce agus loscadh fuíll, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis, próiseáil guail agus gáis, próiseáil bia.

2.2. Táirge comhchosúil

- (33) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe sin, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne;
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag tionscal an Aontais san Aontas.
- (34) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. Réamhbharúlacha

- (35) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na Síne cé go raibh siad ar leibhéal níos ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh (ón 1 Iúil 2009 go dtí an 30 Meitheamh 2010). Ba 6 % de mhargadh an Aontais iad allmhairí ón tSín le linn thréimhse an imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 18,4 % ⁽¹⁴⁾ de sciar den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. I ndearbhfthearmaí, d'onnmhairigh an tSín timpeall ar 5 633 thona chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ar laghdú suntasach é i gcomparáid le timpeall 15 757 dtona ⁽¹⁵⁾ a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh.
- (36) Mar a mhínítear thuas in aithris (16), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaidheoirí nó na táirgeoirí ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne go gcuirfidh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca leis an tSín.
- (37) Dá bharr sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go gcuirfear tús arís le dumpáil, a mhéid a bhaineann leis an tSín, is ar bhonn na bhfioras a bhí le fáil a bunaíodh iad, go háirithe an fhaisnéis san iarraidh ar an athbhreithniú éaga agus sna haighneachtaí ó na páirtithe leasmhara, mar aon le foinsí eile faisnéise, ar nós staitisticí trádála maidir le hallmhairí agus onnmhairí (Eurostat, Global Trade Atlas (GTA)) ⁽¹⁶⁾.

⁽¹⁴⁾ IO L 336, 20.12.2011, lch. 12, aithris 55.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 627/2011 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 169, 29.6.2011, lch. 1 aithris 67).

⁽¹⁶⁾ <https://www.gtis.com/gta/>

3.2. Níos imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (38) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena dtaispeántar, maidir leis an tSín, gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (39) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhainte, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne'). Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfadh sé na fíoraí a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i sa tSín.
- (40) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shainaithin an Coimisiún Meicsiceo ina tír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (41) An 5 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas, trí Nóta ar Thosca Táirgeachta, faoi na foinsí ábhartha a raibh sé beartaithe aige iad a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurb í Meicsiceo an tír ionadaíoch. Sa Nóta ar Thosca Táirgeachta chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta. Chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus na brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta Tenaris, táirgeoir an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú (píobáin agus feadáin gan uaim de chruach charbóin) i Meicsiceo.

3.3. Gnáthluach

- (42) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.
- (43) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear [...]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa' agus 'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhsaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'('costais SG&A' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin'.*
- (44) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.4. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (45) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne⁽¹⁷⁾, chinn an Coimisiún gurbh ann do saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (46) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gur ann d'idirghabháil substaintiúil rialtais i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh⁽¹⁸⁾. Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, a tháirgeann an príomh-amhábhar le haghaidh píobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán⁽¹⁹⁾, ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach Stáit i ngnólaictaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán⁽²⁰⁾. Thairis sin, shuigh an Coimisiún go mbíonn éifeacht saofa bhreise ar an margadh ag láithreach an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, fágann córas pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh⁽²¹⁾. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar

⁽¹⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce (IO L 177, 12.7.2023, lch. 63); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí ceaigeanna cruach dosmálta in-athlíonta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 10, 12.10.2023, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí áirithe cruacha leacaithe fuar-rolta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Cónaidhm na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

⁽¹⁸⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 59.

⁽¹⁹⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 38; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 46.

⁽²⁰⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 40; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 47. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht Stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá tábhacht le cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó trí na cealla sin. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunrecht Pháirtí Cumannach na Síne) agus soláthróidh an cuideachta na coinníollacha is gá le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochta an Pháirtí. San am atá thart, is costúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin lígean d'eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuirtear ionchur.

⁽²¹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 59; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 43; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithrisí 48-52.

an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ⁽²²⁾. Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽²³⁾, mar aon le saobhadh sna margáí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín ⁽²⁴⁾.

- (47) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil iarainn agus cruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ⁽²⁵⁾ ('Tuarascáil'), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear píobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.
- (48) Rinneadh an líomhain san iarraidh go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas ar gheilleagar na Síne ina iomláine agus go ndéanann na hidirghabhálacha sin difear dó ar bhonn forleathan, agus nach féidir leis a bhaint as praghsanna agus costais intíre thionscal cruach na Síne san imscrúdú seo i bhfianaise an mhéid sin.
- (49) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe lena léirítear gur ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Go háirithe, agus tagairt á déanamh do roinnt foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí, amhail an Tuarascáil, imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo san earnáil cruach, reachtaíocht na Síne, mar aon le foinsí breise, d'áitigh an t-iarraitasóir:
- Ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite.
 - Ina theannta sin forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP'). Tá struchtúir Stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir ról an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú ó chéile ann.
 - Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch crioscaíolach maidir le spriocanna a bhaint amach, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor.

⁽²²⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 62; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 52; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 53.

⁽²³⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 33; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54.

⁽²⁴⁾ See Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55.

⁽²⁵⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: [https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD\(2017\)483&lang=ga](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=ga)

- Ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomlán na bpleananna sin maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartais thrasearnálacha agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas agus cloíonn údaráis ábhartha na Síne le córas na bpleananna agus úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh.
- Maidir le leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, tá córas airgeadais na Síne go mór faoi cheannas na mbanc faoi úinéireacht Stáit.
- Úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse.
- Coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon.

(50) Go sonrach, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach maidir le hAirteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán:

- Is cuid bhunriachtanach de gheilleagar na Síne iad fiontair atá faoi úinéireacht Stáit ('SOE'). Coimeádann an rialtas agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir lena n-áirítear go mbeidh tionchar leanúnach acu ar fhiontair faoi úinéireacht Stáit. Ní hamháin go bhfuil ról gníomhach Pháirtí Cumannach na Síne i gceapadh agus i maoirsiú chur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch ginearálta ag fiontair ar leith atá faoi úinéireacht Stáit, ach ina theannta sin, éilíonn sé a chearta chun bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochtúil na bhfiontar faoi úinéireacht Stáit. Baineann fiontair faoi úinéireacht Stáit leas as stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne, ina gcuimsítear roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain fhabhrach ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú.
- Go sonrach san earnáil cruach – is é billéid chruach an t-aon phríomh-ionchur i dtáirgeadh SSSPT go mór i bhfad, tá cuid mhór di faoi úinéireacht Rialtas na Síne fós. Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon fiontar faoi úinéireacht Stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is fiontair faoi úinéireacht Stáit iad ceithre cinn díobh.
- Leis an leibhéal ard idirghabhála rialtais sa tionscal cruach agus le líon ard fiontar faoi úinéireacht Stáit san earnáil sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí oibriú faoi dhálaí margaidh, fiú na táirgeoirí cruach sin atá faoi úinéireacht phríobháideach.

(51) Maidir leis an dara fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach:

- Tá rialú agus idirghabháil an stáit sna hearnálacha cruach agus feadán forleathan. Tá cuid mhaith de na mórtáirgeoirí SSPT faoi úinéireacht an stáit. Dá bhrí sin, tugann an fhianaise atá ar fáil le fios go bhfuil táirgeoirí SSPT sa tSín faoi réir na húinéireachta céanna, an rialaithe chéanna nó na maoirseachta beartais céanna nó na treorach céanna ag Rialtas na Síne agus, dá bhrí sin, nach bhfeidhmíonn siad i gcomhréir leis an margadh: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit i dtéarmaí táirgthe, agus 44 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha i dtéarmaí acmhainneachta. An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí sa dóigh go gcuimsaítear don stát cur isteach a dhéanamh i leith praghsanna nó costas.
- Tá Stát na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach an Stáit i ngnólaigh.

- San earnáil cruach, ós iad na billéid chruach an príomhionchur i dtáirgeadh SSPT, tá go leor de na mórháirgeoirí SSPT faoi úinéireacht an Stáit. Mar shampla, is cuideachta faoi úinéireacht Stáit é ceann de na príomhtháirgeoirí píobán cruach gan uaim de chuid na Síne, Tianjin Pipe Corporation (TPCO), atá lonnaithe i mbardas Tianjin i dTuaisceart na Síne. Tá go leor faisnéise sa spás poiblí freisin a léiríonn na naisc idir táirgeoirí SSPT Síneacha agus údaráis áitiúla/réigiúnacha sa tSín.
- Leagtar béim i ndoiciméid phoiblí na dtáirgeoirí atá faoi úinéireacht Stáit ar an nasc le Stát na Síne uaireanta. Mar shampla, dúirt Baoshan Iron & Steel (nó Baosteel) i dTuarascáil Leathbhliantúil 2016 'is gur gheall an chuideachta féin 13ú pleanáil réigiúnach cúig bliana a mheaitseáil agus tháinig sí ar chomhaontú leathan le rialtais áitiúla maidir le hacmhainní a chomhroinnt, tionscail uirbeacha a nascadh agus comhshaol éiceolaíoch a thógáil.' ⁽²⁶⁾
- Thairis sin, tá éifeacht saofa ar an margadh ag láithreach Stáit agus idirghabháil Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhhar agus ionchur freisin.

(52) Maidir leis an tríú fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach:

- Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal cruach. Luaitear sa 'Phlean um Oiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach do 2016-2020' gur 'earnáil thábhachtach bhunúsach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta' é an tionscal cruach.
- Beartaítear sa 13ú Plean Cúig Bliana maidir leis an bhForbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta go dtabharfaí tacaíocht d'fhiontair a tháirgeann cineálacha táirge cruach ardleibhéil.
- Liostaítear an tionscal iarainn agus cruach mar thionscail spreagtha sa 'Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú 2019'.

(53) Maidir le hAirteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach:

- Is cosúil go bhfuil córas féimheachta na Síne neamhleor chun a phríomhchuspóirí féin a bhaint amach amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a chosaint.
- Tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. Is le Stát na Síne an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht Stáit). Tá a leithdháileadh ag brath go hiomlán ar an Stát. Saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh.

(54) Maidir leis an gcúigiú fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach:

- Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiún bunriachtanach de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS'), go háirithe na coinbhinsiún sin maidir le saoirse comhlachais agus le cómhargáil.
- Is léir go ndéanann an saobhadh ar chostais pá difear go díreach dá réir sin d'earnáil cruach sa tSín (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann á dhéanamh) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

⁽²⁶⁾ http://tv.baosteel.com/ir/pdf/report/600019_2016_2e.pdf

- (55) Maidir le hAirteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas:
- Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir saobhadh. Saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea seasamh láidir na mbanc faoi úinéireacht an Stáit, a chuireann san áireamh, agus rochtain á tabhairt acu ar airgeadas, critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail. Ar an gcaoi chéanna, le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós idir na bainc agus an Stát.
 - Ní mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir atá comharthaí praghaís fós, ach mar thoradh ar an tionchar atá ag saobhadh arna spreagadh ag an rialtas orthu. Go deimhin, is ionann sciar an iasachtaithe ag an tagarmharc nó faoina bhun agus 45 % den iasachtú go léir fós.
 - Déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais, lena n-áirítear laistigh de thionscal SSPT na Síne.
- (56) Chuir an t-iarratasóir in iúl freisin, nuair a cheannaíonn táirgeoirí SSSPT ionchuir, gur léir go mbíonn praghsanna neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha. Mar thoradh air sin, ní hamháin nach féidir praghsanna díola intíre SSSPT a úsáid ach tá na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair [éabhlóid ar phraghsanna nicile], fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) truaillithe freisin toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach rialtais difear dá bpraghasmhúnlú.
- (57) Mar chonclúid, ghlac an iarraidh an seasamh go bhfuil neart fianaise láidir *prima facie* ann go bhfuil tionscal SSSPT na Síne faoi réir idirghabhálacha ó Rialtas na Síne as ar eascair saobhadh suntasach. Dá bhrí sin, mhaígh sé go bhfuil bonn cirt leis an ngnáthluach agus an corrlach dumpála a shuí de bharr an saobhadh suntasach sin a bheith ann de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (58) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinis atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbheithniú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.
- (59) Chinn an Coimisiún go bhfuil margadh SSSPT i nDaon-Phoblacht na Síne á chur ar fáil go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údarais na tíre is onnmhaiseoir toisc go bhfuil rialú agus idirghabháil an stáit sna hearnálacha cruach agus feadán forleathan. Tá cuid mhaith de na mórháirgeoirí SSPT faoi úinéireacht an stáit. Dá bhrí sin, tugann an fhianaise atá ar fáil le fios go bhfuil táirgeoirí SSSPT sa tSín faoi réir na húinéireachta céanna, an rialaithe chéanna nó na maoirseachta beartais céanna nó na teorach céanna ag Rialtas na Síne agus, dá bhrí sin, nach bhfeidhmíonn siad i gcomhréir leis an margadh.
- (60) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnóilachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, suíodh san imscrúdú go raibh roinnt teagmhálacha pearsanta idir táirgeoirí próbán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne: mar shampla is ionann Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baoshan Iron and Steel ⁽²⁷⁾ agus Rúnaí an Choiste Páirtí; is ionann cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Anhui Jinan Steel ⁽²⁸⁾ agus Rúnaí an Choiste Páirtí; is ionann bainisteoir ginearálta ghrúpa Baofeng Steel ⁽²⁹⁾ agus Rúnaí an Choiste Páirtí. Dá bhrí sin, tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais san earnáil tionscail seo.

⁽²⁷⁾ See <https://www.baosteel.com/about/manager>

⁽²⁸⁾ See <http://www.jigang.com.cn/jgitww/weblist.jsp?cid=8190&showtype=11>

⁽²⁹⁾ Féach leathanach 7 https://pdf.dfcfw.com/pdf/H3_AP202312211614644921_1.pdf

- (61) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil píobán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó beartais a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú roinnt doiciméad eile inar léiríodh go dtairbhíonn an táirge faoi athbhreithniú de threoir agus d'idirghabháil rialtais san earnáil iarainn agus cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an tionscal píobán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta.
- (62) Measann Rialtas na Síne⁽³⁰⁾ gur tionscal rithabhachtach é an tionscal iarainn agus cruach i gcónaí. Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, teoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil agus a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. De réir an 14ú Plean Cúig Bliana, d'ainmnigh Rialtas na Síne an tionscal iarainn agus cruach le haghaidh claochlú agus uasghrádú, agus le haghaidh barrfheabhsú agus coigeartú ar bhonn struchtúrach chomh maith⁽³¹⁾. Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, plean is infheidhme freisin maidir leis an tionscal iarainn agus cruach, mar *'bhunchloch an fhiorgheilleagair'* agus mar *'phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne'* agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach⁽³²⁾. Thairis sin, an Plean Oibre maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach, léiríonn sé an bealach a chuirtear fócas údarais na Síne ar an earnáil sa chomhthéacs níos leithne a bhaineann le stiúradh Rialtas na Síne ar gheilleagar na Síne: *'tacú le cuideachtaí cruach chun na riachtanais atá le bonn nua, uirbiú nua, athbheochan tuaithe, agus tionscail atá ag teacht chun cinn a leanúint go dlúth, nascadh le mórtionscadail innealtóireachta a bhaineann leis an "14ú Plean Cúig Bliana" i réigiún éagsúla, agus gach dícheall a dhéanamh chun an soláthar cruach a áirithiú'*. Sásraí comhair réamhtheachtacha agus iarthachtacha a bhunú agus a dhóimhniú idir earnálacha cruach agus príomhearnálacha a úsáideann cruach amhail an longthógáil, iompar, tógáil, fuinneamh, gluaisteáin, fearais tí, innealra talmhaíochta, agus trealamh trom, gníomhaíochtaí nasctha táirgthe-éilimh a dhéanamh, agus réimsí ina gcuirtear an cruach i bhfeidhm a leathnú go gníomhach⁽³³⁾.
- (63) Ina theannta sin, i leith an amhiarainn – amhábhar tábhachtach a úsáidtear chun píobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta a tháirgeadh - de réir an 14ú Plean 5 Bliana ('FYP') maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, tá sé beartaithe ag an Stát *'acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú [...], beartais chánach fhabhracha a chur chun feidhme, glacadh ardteicneolaíochta agus ardtrealaimh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú'*⁽³⁴⁾ as a dtiocfaidh bunú córais le haghaidh cúltaiscí aschuir amhiarainn agus tailte mianra a bheidh *'ina bheart tábhachtach chun praghas an mhargaidh amhiarainn a chobhsú agus chun sábháilteacht an tslabhra thionsclaíoch a chinntiú'*⁽³⁵⁾. I gcúigí, amhail Hebei, déanann na húdaráis foráil maidir leis an méid seo a leanas don earnáil: *'fóirdheontas lascaine le haghaidh infheistíocht i dtionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil.'*⁽³⁶⁾ Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Le bearta den sórt sin cuirtear cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

⁽³⁰⁾ Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.

⁽³¹⁾ Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: <https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/> (arna rochtain an 13 Nollaig 2023).

⁽³²⁾ Féach go háirithe Ranna I agus II den 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.

⁽³³⁾ Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 13 Nollaig 2023).

⁽³⁴⁾ Féach an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

⁽³⁵⁾ Féach: https://en.ndrc.gov.cn/news/mediarresources/202203/t20220325_1320408.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2023).

⁽³⁶⁾ Féach Plean Gníomhaíochta Bhardas Hebei Tangshan maidir le Cruach agus Iarainn 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; atá ar fáil ag: <http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&columnId=3683d857c4577e4cb75f76522b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a> (arna rochtain an 13 Nollaig 2023).

- (64) Chinn an Coimisiún go bhfuil dlíthe féimheachta agus maoiné á gcur i bhfeidhm go hidirdheallaitheach agus á bhforfheidhmiú go neamhleor, go háirithe dlíthe a bhaineann le talamh, i nDaon-Phoblacht na Síne.
- (65) Ina theannta sin, tá píobáin agus feadáin cruach dosmálta gan uaim faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (56)(57) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn píobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ⁽³⁷⁾.
- (66) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear san earnáil píobán agus feadáin de chruach dosmálta gan uaim de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (46) go (58) freisin. An Plean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Chruach (féach aithris (46)), léiríonn sé an cineál idirghabhála sin ón rialtas go han-mhaith freisin: *‘Institiúidí airgeadais a spreagadh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar do chuideachtaí cruach go gníomhach, ar cuideachtaí iad a chuireann cumaisc agus atheagrú, coigeartuithe ar an leagan amach, claochlú agus uasghrádú chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail i dtaca le rialú riosca agus inbhuanaitheacht ghnó.’* Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.
- (67) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil roinnt ionchur ag teastáil chun píobáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.
- (68) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an saothar, an fhuinnimh agus na n-amhábhair le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.
- (69) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, lena n-áirítear costais na n-amhábhair, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhir nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais comhair ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn seo a leanas.

⁽³⁷⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 63, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 33.

3.4.1. Tír ionadaíoch

3.4.1.1. Barúlacha ginearálta

- (70) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:
- Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽³⁸⁾;
 - Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ⁽³⁹⁾;
 - Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;
 - I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha fhéideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (71) Mar a léirítear in aithris (41), an 5 Nollaig 2023, d'eisigh an Coimisiún nóta don chomhad ar na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ('Nóta ar Thosca Táirgeachta'). Tugadh tuairisc sa nóta ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn acu Meicsiceo a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí.
- (72) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún Meicsiceo mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín. Aicmíonn an Banc Domhanda Meicsiceo mar thír ar 'ard-mheánioncam' ar bhonn ollioncaim náisiúnta. Thairis sin, sainithníodh Meicsiceo mar thír ina bhfuil an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus ina raibh sonraí ábhartha ar fáil go héasca.
- (73) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhair agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí é Meicsiceo, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.4.1.2. Conclúid

- (74) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon Meicsiceo na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún Meicsiceo mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.4.2. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaoifa a shuí

- (75) Sa nóta maidir le foinsí ábhartha atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh, mhínigh an Coimisiún go raibh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, mar gheall ar an éagmais comhair, de réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Bhí rogha na tíre ionadaíche bunaithe ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar i gcomhréir leis na critéir ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear Global Trade Atlas ('GTA') chun costais neamhshaoifa na dtosca táirgeachta a shuí. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé sonraí maidir le praghanna leictreachais tionsclaíocha a bhaineann le

⁽³⁸⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

⁽³⁹⁾ Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha comhchosúil, féadfár táirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú a mheas.

tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe is infheidhme i Meicsiceo mar a mhuirearaíonn ceann de na soláthróirí leictreachais is mó i Meicsiceo- Comision Federal de Electricidad ⁽⁴⁰⁾, praghas tagartha an gháis i Meicsiceo le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a d'fhoilsigh Comision Reguladora de Energia ⁽⁴¹⁾ agus sonraí atá ar fáil go poiblí ón Instituto Nacional de Estadística y Geografía ⁽⁴²⁾ a d'fhoilsigh rialtas Mheicsiceo a chumhdaíonn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

- (76) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún an cóimheas idir forchostais mhonaraíochta agus costais dhíreacha na monaraíochta, bunaithe ar shonraí tháirgeoirí de chuid an Aontais a chuir an t-iarraitasóir ar fáil, lenar cuireadh faisnéis shonrach ar fáil chun na críche sin.
- (77) Sa Nóta ar Thosca Táirgeachta, thug an Coimisiún le fios i gcás Mheicsiceo, an tír inar táirgeadh an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú ⁽⁴³⁾, gur sainaitníodh an chuideachta Tenaris mar tháirgeoir. Táirgtear píobáin agus feadáin de chruach charbóin gan uaim i Meicsiceo i gcainníochtaí suntasacha, agus a líomhnaítear trí phróiseas táirgthe den chineál céanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur aistríodh táirgeadh píobán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta ó Tenaris Mexico in 2022. Dá bhrí sin, táirgeadh roinnt den táirge faoi athbhreithniú i Meicsiceo i gcuid de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ach ní le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála.
- (78) Léiríodh san anailís ar shonraí allmhairiúcháin go bhféadfaí Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí toisc nach ndearnadh difear ábhartha dá n-allmhairí de na príomhthosca táirgthe (tinní agus cuasáin) le hallmhairí ón tSín ná ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁴⁾.
- (79) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus an chuideachta Tenaris Mexico (Tenaris Tamsa) chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.
- (80) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht Mheicsiceo mar thír ionadaíoch agus ar Tenaris mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.
- (81) Chuir BSS barúlacha isteach an 19 Nollaig 2023 agus d'áitigh sé nach raibh Meicsiceo ina thír ionadaíoch iomchuí toisc nach raibh aon táirgeadh SSSPT le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i Meicsiceo, mhaígh sé nár bhreithnigh an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha eile, d'áitigh sé nach margadh oscailte é margadh Mheicsiceo, go bhfuil onnmhairí píobán gan uaim de chruach dhosmálta ó Mheicsiceo faoi réir bearta frithdhumpála sna Stáit Aontaithe agus nach raibh aon sonraí ionadaíocha agus iontaofa i Meicsiceo. D'áitigh an chuideachta freisin go mbeadh an Téalainn agus an India ina dtíortha ionadaíocha níos fearr. Mhaígh BSS nach bhfuil cainníochtaí allmhairí tinní ag dhá thonna agus cuasáin ag 2 000 tona amháin ionadaíoch. Mhaígh BSS freisin nach raibh Tenaris Global ina fhoinsé cheart chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a chinneadh. Is cuideachta shealbhaíochta í Tenaris Global, atá corpraithe i Lucsamburg, a chomhtháthaíonn sonraí ó thíortha forbartha agus ó thíortha i mbéal forbartha. I gcás ina n-úsáidfeadh an Coimisiún na cuntais sin, theipfeadh air ar an gceanglas fíor-riachtanach sonraí ó thír ard-mheánioncaim a úsáid.

⁽⁴⁰⁾ Féach fonóta 10.

⁽⁴¹⁾ Féach fonóta 11

⁽⁴²⁾ Féach fonóta 12

⁽⁴³⁾ Mura bhfuil an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi imscrúdú a bhreathnú.

⁽⁴⁴⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33)

- (82) Bhí an Coimisiún ag brath ar SSSPT a tháirgeadh i Meicsiceo, ar táirge é atá sa chatagóir ghinearálta chéanna le píobáin agus feadáin gan uaim de chruach dhosmálta, chun an tír ionadaíoch a roghnú toisc nár táirgeadh an táirge faoi imscrúdú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe in aon tír ard-mheánioncaim. Chinn an Coimisiún nach dtáirgeann an Téalainn SSSPT agus nach bhfuil an India ag teacht faoin gcatagóir chéanna forbartha eacnamaíche (ard-mheánioncam) leis an tSín.
- (83) Mheas an Coimisiún gur rogha mhalartach í an Airgintín ach chinn sé nach raibh na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.
- (84) Chinn an Coimisiún nach bhfuil aon bhearta frithdhumpála i Meicsiceo ar an ábhar ionchuir chun píobáin cruach dosmálta a tháirgeadh, i.e. tinní nó billéid. Dá bharr sin, níl aon tionchar díreach ag na cásanna frithdhumpála a luaigh BSS ar an ngnáthluach ríofa. Maidir leis an tionchar indíreach, déanann bearta cosanta trádála difear don mhargadh cruach i mbeagnach gach tír táirgthe, lena n-áirítear an tAontas Eorpach. Níor cheart tír a eisiáimh ó thiortha ionadaíocha féideartha arna meas ag an gCoimisiún díreach mar gheall ar na bearta sin a bheith ann.
- (85) Chinn an Coimisiún nach bhfuil aon tionchar díreach ag na bearta sin de chuid na Stát Aontaithe ar an ngnáthluach ríofa. Tá an tionchar indíreach, i.e. éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar bhrabúsacht na cuideachta (d'fhéadfadh sé go mbeadh brabús níos ísle/gan bhrabús ag baint le díol ar phraghsanna dumpáilte i margadh na Stát Aontaithe), i ndáiríre fabhrach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne toisc go laghdaíonn sé an corrlach brabúis a chuirtear le costas na monaraíochta.
- (86) D'admhaigh an Coimisiún i Nóta ar Thosca Táirgeachta go bhfuil allmhairí tinní cruach dosmálta i Meicsiceo íseal. Mar sin féin, bhreithnigh an Coimisiún go raibh a gcuid praghsanna ionadaíoch, toisc nár chuir BSS aon fhianaise ar fáil maidir leis an bhfáth nár cheart na praghsanna allmhairiúcháin a bheith amhlaidh.
- (87) Mhaígh BSS gur ann do tháirgeadh SSSPT ag TSP Precision Steel Tube Manufacturing (Thailand) CO., LTD. ("TSP") sa Téalainn agus go dtáirgeann Tubacex Awaji feistithe cruach dosmálta. San India, shainaithin BSS líon mór táirgeoirí agus d'áitigh sé san athbhreithniú éaga ar shreang mholaibdéinim gur úsáid an Coimisiún an India mar thír ionadaíoch in ainneoin gur tír íseal-mheánioncaim í ⁽⁴⁵⁾.
- (88) Chinn an Coimisiún nár chuir BSS aon fhianaise isteach gur tháirg TSP píobáin agus feadáin gan uaim de chruach dhosmálta. Chomh maith leis sin, níor léirigh an t-imscrúdú gur tháirg TSP táirgí cruach dosmálta. Ní fhéadfaí feistis phíobáin arna dtáirgeadh ag Tubacex Awaji a mheas mar an chatagóir ghinearálta chéanna táirgí le píobáin agus feadáin cruach dosmálta. Tá an próiseas táirgthe thar a bheith difriúil, le feistis trastomhas mór a mhonaraítear ó phlátaí cruach seachas ó phíobáin chruach agus úsáidtear modh bolgán hidrálach ar leith le haghaidh táirgthe. Bhí úsáid na hIndia mar thír ionadaíoch san athbhreithniú éaga ar shreang mholaibdéinim eisceachtúil, mar a luadh go sainráite sa Rialachán ⁽⁴⁶⁾. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí é a úsáid mar fhasach chun argóint a dhéanamh gur cheart an India a chur san áireamh sa chás seo freisin.
- (89) Mhaígh BSS freisin nach raibh Tenaris Global ina fhoinshe cheart chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a chinneadh. Chinn an Coimisiún nach bhféadfaí sonraí a bhaineann le monarú píobán gan uaim de chruach dhosmálta i Meicsiceo a leithlisiú i gcuntais Tenaris Global. Tá grúpa Tenaris fós, áfach, ar cheann de na táirgeoirí píobán agus feadán is mó ar domhan. Déantar iniúchadh ar a chuntais airgeadais agus cuirtear ar fáil go poiblí iad. Tá sé dodhéanta díolacháin, costais ghinearálta agus riaracháin agus brabús a leithdháileadh ar tháirgeadh píobán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta ach amháin i gcuntais fhoilsithe aon chuideachta ós rud é, mar riail, go mbíonn na cuideachtaí seo i mbun táirgthe ó ghráid éagsúla cruach agus is minic a mhonaraíonn siad píobáin tháthaithe, freisin. Déanann Tenaris feadáin agus píobáin a mhonarú i Meiriceá Laidineach, sna Stáit Aontaithe, san Afraic Thiar, sa tSín, san Astráil, san Aontas Eorpach agus sa Mheánoirthear. Soláthraíonn na figiúirí maidir le díolacháin, costais ghinearálta agus riaracháin agus brabús, trasghearradh ionadaíoch den tionscal, cé nach bhfuil siad sonrach do Mheicsiceo amháin.

⁽⁴⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1305.

⁽⁴⁶⁾ 'I bhfianaise na hanailíse thuas, measadh, ar bhonn eisceachtúil, gurbh fhoinshe iomchuí í an India de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán le haghaidh costais agus praghsanna neamhsaofa.' (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1305, Aithris 68).

- (90) Ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí (81) go (88), diúltaíodh do mhaíomh BSS.
- (91) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon Meicsiceo na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chun go measfar é a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí.

3.4.3. Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna

3.4.3.1. Tosca táirgeachta

- (92) I bhfianaise na faisnéise uile atá bunaithe ar an iarraidh agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear barúlacha BSS, chinn an Coimisiún gur thosaigh an próiseas táirgthe ó thinní cruach dosmálta, nó tuilleadh próiseála iartheachtaí ag tosú le cuasáin cruach dosmálta nó máthairfheadáin cruach dosmálta ⁽⁴⁷⁾. I bhfianaise an mhéid thuas, saináithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta

Toisc táirgeachta	Cód HS	Foinse sonraí	Aonad tomhais
Amhábhair			
Tinní cruach dosmálta (Billéid)	72181000 00	Global Trade Atlas (GTA) ⁽¹⁾	Tona
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	Comisión Federal de Electricidad ⁽²⁾	KwH
Gás nádúrtha	N/B	Comisión Reguladora de Energía ⁽³⁾	KwH
Saothar			
Costas an tsaothair dhírigh	N/B	Instituto Nacional de Estadística y Geografía (INEGI) ⁽⁴⁾	€EUR/san uair

⁽¹⁾ <http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm>
⁽²⁾ <https://app.cfe.mx/Aplicaciones/CCFE/Tarifas/TarifasCREIndustria/Tarifas/GranDemandaMTH.aspx>
⁽³⁾ <https://www.cre.gob.mx/IPGN/index.html>
⁽⁴⁾ EMIM. Príomhoidí caractéristicas, mens datos, nacional (inegi.org.mx)

3.4.3.2. Amhábhair

- (93) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a áireamh, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (75) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí

⁽⁴⁷⁾ Tá máthairfheadáin cruach dosmálta nó cuasáin éagsúil ná na próifílí cuasáin a chuimsíonn an chuid is mó de HS 730449 99.

nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín agus ó thíortha nach comhaltaí de EDT iad a eisiáimh, bhí méid na n-allmhairí ó thrú tíortha eile fós ionadaíoch.

- (94) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, ag cur an chinnidh i roinn 3.4 san áireamh chomh maith leis an gcineál imscrúdaithe sin ar an athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sé atarlú, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

3.4.3.3. Saothar

- (95) Bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí deireanacha atá ar fáil go poiblí ón Instituto Nacional de Estadística y Geografía a d'fhoilsigh rialtas Mheicsiceo lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é €EUR 5,25/h an meánchostas saothair in aghaidh na huaire is infheidhme in earnáil na bpiobán agus na bhfeadán.
- (96) Ina bharúlacha maidir leis an Nóta ar Thosca Táirgeachta, mhaígh BSS gur roghnaigh an Coimisiún luach saothair ar fud na cuideachta chun costais saothair a chinneadh nuair nár cheart ach tuarastail a bhaineann le táirgeadh a úsáid. D'aontaigh agus d'úsáid an Coimisiún an figiúr a asbhaineadh le haghaidh na dtuarastal a bhaineann le táirgeadh le haghaidh an ríomha.

3.4.3.4. Leictreachas

- (97) D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha a bhaineann le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe is infheidhme i Meicsiceo mar a mhuirearaíonn na soláthróirí leictreachais is mó i Meicsiceo- Comision Federal de Electricidad. Léirigh an fhaisnéis meánphraghas tionsclaíoch €EUR 0,0640/kWh le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.3.5. Gás nádúrtha

- (98) D'úsáid an Coimisiún praghas tagartha an gháis i Meicsiceo le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a d'fhoilsigh Comision Reguladora de Energia é chun an praghas an gháis nádúrtha a sholáthraítear d'úsáideoirí tionsclaíocha a chinneadh. Meastar gurb ionann an costas aonaid is infheidhme agus €EUR 0,0209/kWh.

3.4.3.6. Forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, brabúis agus dímhéas

- (99) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

- (100) Shainaitin an Coimisiún Tenaris Mexico (Tenaris Tamsa), mar tháirgeoir an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú (píopaí agus feadáin gan uaim de chruach charbóin) i Meicsiceo. Tá na sonraí airgeadais le haghaidh Tenaris Mexico ar fáil. Tá a ráitis airgeadais comhtháite i sonraí airgeadais Tenaris Global. Tháinig Tenaris Global de bheith ina úinéir ar Tenaris Mexico tar éis dó Tubos de Acero de Mexico, S.A. (TAMSA) a cheannach. Is cuideachta sealbhaíochta é Tenaris Global a dhéanann a cuid oibríochtaí trí fhochuideachtaí. Is príomh-mhonaróir domhanda é Tenaris is soláthraí táirgí píobán cruach agus seirbhísí gaolmhara do thionscal fuinnimh an domhain agus d'feidhmeanna tionsclaíocha eile le hoibríochtaí tionsclaíocha i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip, sa Mheánoirthear, san Áise agus san Afraic. Cé go bhfuil a chuid oibríochtaí dírithe ar fhreastal ar an tionscal ola agus gáis, soláthraíonn siad píobáin agus comhpháirteanna feadánacha freisin le haghaidh feidhmeanna neamhfhuinnimh. Mheas an Coimisiún, sa chás i dtrácht, gurbh iomchuí sonraí comhdhlúite Tenaris Global a úsáid, in éagmais sonraí airgeadais níos mionsonraithe a bheith teoranta do Tenaris Mexico agus/nó don táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú. Is píobáin chruach den chuid is mó a tháirgeann Tenaris Global, agus dá bhrí sin measadh go raibh a sonraí ionadaíoch ar an earnáil agus ar an táirge faoi athbhreithniú.
- (101) Ar bhonn na sonraí a sholáthair táirgeoirí an Aontais san iarraidh, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus costais saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a tháirgtear.

3.4.4. Ríomh an ghnáthluacha

- (102) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (103) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarraitasóir ar úsáid gach toisce (ábhair agus saothar) chun píopáin agus feadáin gan uaim áirithe de chruach dhosmálta a tháirgeadh.
- (104) Nuair a bhí na costais mhonaraíochta neamhshaofa suite, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús leis na costais sin. Cinneadh forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a sholáthair an t-iarraitasóir san iarraidh agus le linn an imscrúdaithe ina dhiaidh sin. Cinneadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús bunaithe ar ráitis airgeadais Tenaris Global do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta ⁽⁴⁸⁾. Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas le costais neamhshaofa na monaraíochta:
- Rinneadh forchostais na monaraíochta, arbh é a bhí iontu ar an iomlán is 13,52 % de chostais dhíreacha na monaraíochta, ag úsáid billéad,
 - costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus costais eile, arbh é a bhí iontu 23 % de Chostais na nEarraí a Díoladh ('COGS') de chuid Tenaris Global, agus
 - Brabúis, arbh é a bhí iontu 42 % de chostais na n-earraí a díoladh mar a bhain Tenaris Global amach iad, agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.
- (105) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

⁽⁴⁸⁾ <https://ir.tenaris.com/static-files/9516f6d6-7348-4eaa-a50b-126846e12475>

3.4.5. *Leanúint den dumpáil*

- (106) De cheal chomhar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. D'úsáid an Coimisiún faisnéis staidrimh (14.6 Bunachar Sonraí) chun praghsanna onnmhairiúcháin a chinneadh. Mar thoradh ar an gcomparáid idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach, bhí corrlach dumpála mór ann. Fiú i gcás nach gcuirfí aon bhrabús leis an ngnáthluach mar a suíodh thuas, bheadh an corrlach dumpála mór.

3.4.6. *An dóchúlacht go leanfar den dumpáil*

- (107) Rinne an Coimisiún anailís bhreise lena fháil amach an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má théann na bearta in éag. Ar an gcaoi sin, rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas: An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.4.6.1. *An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín*

- (108) De cheal chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, bhunaigh an Coimisiún a chuid torthaí maidir le hacmhainn na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar na fíoras a bhí ar fáil agus bhraith sé ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú éaga, chomh maith le foinsí eile a bhí ar fáil.
- (109) Is é tionscal feadán gan uaim na Síne an ceann is mó ar domhan agus tá acmhainneacht táirgeachta iomlán aige atá comhionann le tomhaltas an domhain. Go sonrach maidir le píobáin agus feadáin gan uaim de chruach dhosmálta, bhí beagnach 100 000 tona d'acmhainneachtaí breise ag na seacht dtáirgeoir ba mhó de chuid na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, thart ar mhéid mhargadh an Aontais ⁽⁴⁹⁾.
- (110) Ar an mbonn sin, is dóigh go mbeidh neart acmhainneachtaí breise ag táirgeoirí Síneacha ar féidir leo díriú chuig margadh an Aontais i gcainníochtaí móra ag praghsanna dumpáilte má théann na bearta in éag.

3.4.6.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

- (111) Tá margadh an Aontais fós ina cheann scríbe an-tarraingteach d'allmhairí SSSPT. Tá meánleibhéal praghsanna ard aige, glactar leis go n-íocann custaiméirí i gceart, tá saoráidí leormhaith stórála agus dáileacháin ann, agus tá ardleibhéal tomhaltais thionsclaíoch ag an Aontas. Ina theannta sin, tá dleacht frithdhumpála 25 % os comhair na Síne i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar margadh tábhachtach í, agus ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith, tá bearta nua frithdhumpála san India. Ba iad na Stáit Aontaithe agus an India an dá cheann scríbe onnmhairiúcháin ba mhó le haghaidh onnmhairí na Síne.
- (112) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sprioc tharraingteach é margadh an Aontais maidir leis an acmhainneacht bhreise atá i nDaon-Phoblacht na Síne cheana dá ndéanfaí bearta frithdhumpála a aisghairm agus go bhféadfadh na bearta cosanta atá i bhfeidhm san Aontas go leor spás le haghaidh méadú mór ar allmhairí SSSPT de thionscnamh na Síne, ós rud é nár úsáideadh ach 56 % den chuóta ráta taraife le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.6.3. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil*

- (113) I bhfianaise thorthaí na dumpála, na n-acmhainneachtaí breise, tharraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méide agus praghsanna de, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den dumpáil dá ligfí do na bearta dul in éag.

⁽⁴⁹⁾ Leagan oscailte den Iarraidh ar Athbhreithniú, lch. 18.

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (114) De réir an iarratasóra, rinne 7 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (115) Suíodh gur thart ar 68 000 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais den táirge faoi athbhreithniú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an iarraidh ar athbhreithniú éaga, freagraí ar an gceistneoir fíoraithe agus freagra ar an macraicheistneoir a chuir ESTA isteach. Mar a léirítear in aithris (11), b'ionann táirgeoirí an Aontais a roghnaíodh sa sampla agus 46 % de tháirgeadh iomlán an Aontais den táirge comhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.2. Tomhaltas an Aontais

- (116) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (i) mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais bunaithe ar na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir agus (ii) allmhairí ó thríú tíortha bunaithe ar bhunachar sonraí Eurostat.
- (117) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas an Aontais	101 694	77 128	82 003	92 105
Innéacs	100	76	81	91

Foinse: Eurostat, freagra ar an macraicheistneoir ó ESTA

- (118) Tháinig laghdú gear 24 % ar thomhaltas iomlán an Aontais in 2020 mar gheall ar laghdú ar éileamh mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus tháinig méadú beag 5 % air ina dhiaidh sin le linn 2021. Tháinig téarnamh maith i ndiaidh méadú beag le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar theacht chuige féin ar an éileamh ar SSSPT ba chúis leis, ach bhí an tomhaltas fós 9 % faoi bhun leibhéal 2019.

4.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

4.3.1. Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (119) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat. Suíodh sciar margaidh de na hallmhairí ar bhonn comparáide idir méideanna na n-allmhairí agus tomhaltas margaidh an Aontais mar a léirítear i dTábla 2 thuas.

- (120) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí), sciar den mhargadh agus praghsanna (EUR/tona)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tSín	4 535	3 896	5 461	5 633
<i>Innéacs</i>	100	86	120	124
Pragsanna allmhairiúcháin na Síne	3 843	3 536	4 193	5 894
<i>Innéacs</i>	100	92	109	153
Sciar margaidh na Síne	4 %	5 %	7 %	6 %
<i>Innéacs</i>	100	113	149	137

Foinse: Eurostat, freagra ar an macraicheistneoir ó ESTA

- (121) Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, ó 2019 go 2020, tháinig laghdú 14 % ar mhéid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, tar éis an laghdaithe ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú gear ar dhíolacháin ina dhiaidh sin in 2021 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe rud a d'fhág gur tháinig méadú foriomlán 24 % ar mhéid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (122) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála a bhí i bhfeidhm, ní hamháin go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in ann a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun ach fiú a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 4 % in 2019 go 6 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tharla an méadú nuair a tháinig laghdú 9 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar a luaitear in aithris (118).

4.3.2. *Pragsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

- (123) Shuigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí staidrimh ó Eurostat, in éagmais comhair ón tSín. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar an mbonn céanna.
- (124) Tháinig méadú 53 % ar phragsanna allmhairí na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, d'fhan na pragsanna sin go comhsheasmhach i bhfad faoi bhun phragsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile isteach san Aontas, mar a luaitear in aithris (128), agus fiú faoi bhun phragsanna díolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a luaitear in aithris (148).
- (125) Ós rud é nár ghá sonraí staidrimh a úsáid, ní fhéadfaí ach meánphraghas in aghaidh an tona a shuí le haghaidh éagsúlacht mhór cineálacha táirgí.
- (126) Socraíodh praghais onnmhairiúcháin na Síne dá bhrí sin i gcomparáid leis na meánphragsanna ualaithe díola le linn an imscrúdaithe athbhreithnithe ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais a ghearrtar ar chustaiméirí ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha.
- (127) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirigh sé, ar an meán, go raibh pragsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas thart ar 51 % ní b'íse ná meánphragsanna thionscal an Aontais.

(128) Is mar a leanas a forbraíodh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha eile:

Tábla 4

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Méid (tonaí)	54 846	44 527	51 922	40 649
	Innéacs	100	81	95	74
	Sciar den mhargadh	54 %	58 %	63 %	44 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	7 070	6 651	7 052	9 864
	Innéacs	100	94	100	140
an India	Méid (tonaí)	23 715	16 773	21 263	22 656
	Sciar den mhargadh	23 %	22 %	26 %	25 %
	Meánphraghas	5 837	5 561	5 606	8 255
An Úcráin	Méid (tonaí)	14 425	13 710	14 202	6 779
	Sciar den mhargadh	14 %	18 %	17 %	7 %
	Meánphraghas	7 102	7 328	7 704	12 267

Foinse: Eurostat

(129) B'ionann allmhairí SSSPT ó thríú tíortha seachas an tSín agus 54 % den sciar den mhargadh in 2019, ar ón India a tháinig beagnach a leath díobh. Tháinig laghdú ar allmhairí ó thríú tíortha, gan an tSín a áireamh, le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí thart ar 44 % i gceist leo le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí meánphraghsanna na n-allmhairí sin faoi bhun mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

4.4.1. Barúlacha ginearálta

- (130) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (131) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.
- (132) Maidir le hanailís na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí arna soláthar ag ESTA. Baineann na sonraí le táirgeoirí aitheanta an Aontais go léir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí fíoraithe a thug táirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir. Fuarthas go bhfuil an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

- (133) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fardail, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.
- (134) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.4.2. Táscairí maicreacnamaíocha

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (135) Is mar seo a leanas a d'fhorbair táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	75 741	63 271	53 745	67 905
<i>Innéacs</i>	100	84	71	90
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	148 344	146 184	135 184	135 184
<i>Innéacs</i>	100	99	91	91
Úsáid acmhainneachta	51 %	43 %	40 %	50 %
<i>Innéacs</i>	100	85	78	98

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó ESTA

- (136) Lean méid táirgeachta thionscal an Aontais treocht chomhchosúil le tomhaltas iomlán an Aontais, ag tosú le titim shuntasach in 2020 agus téarnamh ina dhiaidh sin mar gheall ar theacht chuige féin ar an éileamh ar SSSPT le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe rud a d'fhág go raibh laghdú foriomlán 10 % ann fós le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (137) Tháinig laghdú 9 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'ainneoin an laghdaithe ar an acmhainneacht táirgeachta, lean an úsáid acmhainneachta treocht dhiúltach freisin agus tháinig laghdú 2 % uirthi idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tharla an laghdú ar úsáid táirgeachta mar thoradh ar an gcor chun donais sa táirgeadh a tharla ag tús na paidéime, agus a bhí inchurtha i leith crapadh ar an éileamh. Lean an laghdú mór ar tháirgeadh, go háirithe sna míonna tosaigh de 2021, go príomha mar thoradh ar an ngéarchéim sláintíochta a lean agus rinneadh níos measa fós é mar gheall ar stailc saothair iarmhartach a rinne difear do cheann de na heintitis lena mbaineann. Tá sé roghnaithe go straitéiseach ag tionscal an Aontais acmhainneacht níos ísle a choinneáil chun praghsanna bisigh níos fearr a bhaint amach, i bhfianaise an éilimh ísíl a bhfuiltear ag súil leis ón margadh.

4.4.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(138) Is mar seo a leanas d'fhorbair méid díolachán thionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh i (dtonaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais	47 050	33 863	29 648	48 994
Innéacs	100	72	63	104
Sciar den mhargadh	42 %	37 %	30 %	50 %
Innéacs	100	89	72	120

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó ESTA

(139) Lean méid díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais treocht an tomhaltais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú mór air idir 2019 agus 2021 ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (118), agus ina dhiaidh sin teacht chuige féin sa tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág gur tháinig méadú foriomlán 4 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(140) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, idir 2019 agus 2021, tháinig laghdú ó 42 % go 30 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais i dtéarmaí thomhaltas an Aontais, agus ansin tháinig méadú 20 pointe céatadáin air idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go dtí 50 %. Mar a léirítear in aithris (128), is é an míniú ar an méadú sin nár gur tháinig laghdú 10 % idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín.

4.4.2.3. Fás

(141) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh aon fhás ar tháirgeadh ná ar dhíolacháin i dtionscal an Aontais. Is féidir an easpa fáis sin a thuiscint laistigh den tírdhreach eacnamaíoch domhanda níos leithne, rud atá soiléir go háirithe maidir leis an luasmhoilliú ar fhás OTI domhanda go 2.6 % in 2019, arb ionann é agus an leibhéal is ísle ó 2009 i leith. Spreag an cor chun donais eacnamaíoch sin, ar cuireadh tús leis roimh theacht chun cinn phaindéim COVID-19, cúlú domhanda in 2020.

(142) Laistigh d'earnáil shonrach na bhfeadán gan uaim, chuir roinnt fachtóirí leis na dúshláin a bhí sa tionscail. Go háirithe, bhí tionchar diúltach ag an aistriú fuinnimh ghlais atá ar siúl faoi láthair ar an éileamh ar SSSPT i dtionscal na hola agus an gháis, rud atá fós ina fhoinse thábhachtach éilimh do tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar leibhéil infheistíochta, rud a chuir le deacrachtaí an tionscail. Thairis sin, chuir an méadú ar allmhairí feadán gan uaim isteach san Aontas in 2019 leis an staid, rud a d'fhág tionchar diúltach ar bhrabúsacht laistigh den earnáil.

4.4.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

- (143) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	2 520	2 332	2 085	2 266
Innéacs	100	93	83	90
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	30	27	26	30
Innéacs	100	90	86	100

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó ESTA.

- (144) Idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí comhghaol suntasach idir líon na bhfostaithe a raibh baint acu le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus méid tháirgeacht an Aontais. Le linn na tréimhse sin, tháinig laghdú suntasach ar líon na bhfostaithe, go háirithe ó 2019 go 2021. Mar sin féin, tugadh téarnamh beag faoi deara le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú foriomlán 10 % ar líon na bhfostaithe a bhí i mbun táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (145) Bhí táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh an fhostaí, fós cobhsaí ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

- (146) Leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar a mhínítear in aithris (106) thuas. Bhí tionchar diúltach ag an méid suntasach SSSPT ar phraghas íseal a d'onnmhairigh táirgeoirí Síneacha chuig an Aontas ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ó thaobh iomaíochais agus brabúsachta de, toisc gur ghearr na praghsanna sin go mór faoi phraghas díola thionscal an Aontais.
- (147) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí méid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín i bhfad ní b'íse, áfach, mar a mhínítear in aithris (35) thuas, ná le linn thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh. Bunaithe ar an anailís sin, is féidir a thuiscint go raibh tionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais níos mó le linn na tréimhse a scrúdaíodh.

4.4.3. Táscairí micreacnamaíocha

4.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna.

(148) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna na ndíolachán aonaid ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais chuig custaiméirí san Aontas:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díolacháin thionscal an Aontais	9 184	9 363	9 882	12 166
Innéacs	100	105	108	132
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	9 164	10 155	9 632	11 610
Innéacs	100	111	105	127

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(149) Tháinig méadú 8 % ar mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais ó 2019 go 2021 agus tháinig méadú mór 32 % orthu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2019. Bhí tionchar ag an suaitheadh tromchúiseach a tharla de dheasca phaindéim COVID-19, méaduithe ar chostais amhábhhar agus fuinnimh agus borradh ar an éileamh ar threocht na bpraghsanna díola aonaid le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(150) Mar a luaitear in aithris (149), lean costas aonaid na táirgeachta treocht chomhchosúil leis an bpraghas díola. Ó 2019 go 2021 tháinig méadú beag 5 % ar an gcostas táirgeachta, agus tháinig méadú 27 % ar chostais táirgeachta le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú. Ba iad méaduithe móra ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí ba chúis leis an mborradh ar chostas aonaid an táirgthe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar an éileamh domhanda a tháinig chun cinn arís tar éis phaindéim COVID-19 agus an fhogha mhíleata san Úcráin.

4.4.3.2. Costais saothair

(151) Is mar seo a leanas d'fhorbair meánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/FTE)	66 702	70 262	66 034	74 768
Innéacs	100	105	99	112

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(152) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig méadú 12 % ar na meánchostais saothair. Cé gur tháinig laghdú ar líon na bhfostaithe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a luaitear in aithris (143), tháinig méadú ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí i gcomparáid le 2019.

4.4.3.3. Fardail

- (153) Is mar seo a leanas d'fhorbair leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	13 790	12 772	15 062	13 957
<i>Innéacs</i>	100	93	109	101
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	18 %	20 %	28 %	21 %
<i>Innéacs</i>	100	111	154	113

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

- (154) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan stoc SSSPT thionscal an Aontais cobhsaí agus bhí buaicphointe ann in 2021 chun filleadh ar leibhéil 2019 i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Míníodh an treocht sin le héifeachtaí phaindéim COVID-19 agus tháinig éileamh na dtomhaltóirí chun cinn arís ina dhiaidh sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

- (155) Is mar seo a leanas d'fhorbair brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí i gcás tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán i margadh an Aontais (% de láimhdeachas na ndíolachán)	5,2	– 9,2	– 0,5	7,4
<i>Innéacs</i>	100	– 177	– 9	142
An sreabhadh airgid (EUR)	28 940 440	10 725 817	18 187 297	28 095 547
<i>Innéacs</i>	100	– 37	– 63	97
Infheistíochtaí (EUR)	27 124 666	21 940 828	14 858 909	18 895 783
<i>Innéacs</i>	100	81	55	70
Toradh ar infheistíochtaí	1,6	– 7,5	– 3,2	5,9
<i>Innéacs</i>	100	– 472	– 205	374

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (156) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.
- (157) Ó 2019 go 2021 chuaigh an tionscal ó bhrabús go cailteanas mar gheall ar phaindéim COVID-19 in éineacht le stailc naoi mí ag ceann de na táirgeoirí is mó. Bhain an bhrabúsacht an leibhéal is ísle amach, eadhon -9 %, in 2021 i gcroílár na paindéime. Tháinig brabús chun cinn arís, áfach, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun 7 % a bhaint amach ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú.
- (158) D'fhorbair treocht an ghlanreabha airgid sa chaoi chéanna agus an bhrabúsacht: titim ollmhór in 2019-2021 agus téarnamh suntasach ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (159) Idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tháinig laghdú 30 % ar infheistíochtaí. Go ginearálta, bhí na hinfeistíochtaí dírithe ar cháilíocht agus glású an táirgeachta a fheabhsú.
- (160) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí (ROI) an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infeistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig luainiú gear ar an toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó 2019 go 2021, tháinig laghdú mór air, agus ina dhiaidh sin théarnaigh sé go láidir i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, chun leibhéal 4 phointe céatadán os cionn thúsphointe na tréimhse faoi bhreathnú in 2019 a bhaint amach.
- (161) Ní dhearnadh difear do chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tréimhse ina raibh téarnamh ón bpaindéim.

4.5. Conclúid faoi dhíobháil

- (162) D'áirithigh na bearta atá i bhfeidhm cosaint do thionscal an Aontais, rud a d'fhág gur féidir leis a sciar den mhargadh a mhéadú, praghsanna a mhéadú i gcomhréir leis na costais mhéadaithe agus leibhéal brabúsach agus toradh dearfach ar infheistíocht a bhaint amach ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú.
- (163) Mar sin féin, bhí tionscal an Aontais fós leochaileach, rud a léiríodh leis an laghdú ar tháirgeacht, ar an acmhainneacht táirgeachta agus, d'ainneoin na hacmhainneachta sin, úsáid acmhainneachta a bhí ag laghdú.
- (164) Ina theannta sin, d'ainneoin na mbearta a bhí i bhfeidhm, lean onnmhaiseoirí na Síne de bheith ag onnmhairiú an táirge lena mbaineann i méideanna méadaitheacha, faoi 24 %, ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chun a sciar den mhargadh a mhéadú, rud a mhéadaigh ó 4 % go 6 %. Tháinig méadú ar phraghsanna na n-allmhairí sin, ach d'fhan siad i bhfad faoi bhun leibhéal phraghsanna allmhairí eile agus fiú faoi bhun leibhéal phraghsanna thionscal an Aontais, agus ar an gcaoi sin ag déanamh sladghearradh 51 % ar phraghsanna thionscal an Aontais.
- (165) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5. AN DÓCHÚLACHT GO ndÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR

- (166) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (165) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chun a chinneadh an dócha go ndéanfaí an díobháil an athuaire mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín má ligtear do na bearta dul in éag.

- (167) Is margadh oscailte é margadh an Aontais, margadh atá tarraingteach ó thaobh struchtúir de. I gcás ina rachadh na bearta frithdhumpála in éag, agus ag cur san áireamh gur bearta sealadacha iad na bearta cosanta atá i bhfeidhm cheana, is dócha go mbeadh méadú mór ar allmhairiú SSSPT ón tSín mar thoradh air.
- (168) Léiríodh san imscrúdú go raibh tionscal an Aontais leochaileach. Léiríodh san imscrúdú freisin go raibh tionscal an Aontais i mbun athstruchtúraithe, rud a léiríodh, i measc nithe eile, sa laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chun praghsanna bisigh níos fearr a bhaint amach, i bhfianaise an éilimh ísil margaidh a rabhthas ag súil leis.
- (169) Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, shuigh an Coimisiún na praghsanna seo a leanas:
- Meánphraghas díola thionscal an Aontais: EUR 12 166/tona (féach aithris (148))
 - Meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne: EUR 5 894/tona (féach aithris (120))
 - An domhan (seachas meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne: EUR 9 864/tona (féach aithris (128))
 - Meánphraghas onnmhairiúcháin na hIndia: EUR 8 255/tona (féach aithris (128))
 - Meánphraghas onnmhairiúcháin na hÚcráine: EUR 12 267/tona (féach aithris (128))
- (170) Léirigh an méid thuas go soiléir go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in ann onnmhairiú a dhéanamh ar phraghsanna i bhfad faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, agus faoi bhun mheánphraghsanna onnmhairiúcháin na hIndia agus na hÚcráine freisin.
- (171) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh onnmhaireoirí na Síne ábalta brú suntasach praghsanna a fheidhmiú ar thionscal an Aontais.
- (172) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís bhreise ar na heilimintí seo a leanas: an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais, forbairtí tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus tionchar na n-allmhairí ón tSín má ligtear do na bearta dul in éag.

5.1. An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín

- (173) Mar a thuairiscítear in aithris (109), de réir an iarratasóra, glactar leis gurb é tionscal SSSPT na Síne an tionscal is mó ar domhan. San anailís mhargaidh san iarraidh sainaitníodh 37 muileann piarsála/pilmeála Síneacha agus 18 bpreas easbhrúcháin a bhfuil acmhainneachtaí acu arb ionann iad agus 915 000 tona. Níor léirigh na seacht dtáirgeoir is mó de chuid na Síne ach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe gar do 100 000 tona d'acmhainneacht bhreise, rud atá beagnach comhionann le méid thomhaltas an Aontais.

5.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (174) D'fhan margadh an Aontais ina cheann scríbe an-tarraingteach d'onnmhairí SSSPT, mar a léirítear le méideanna móra na n-allmhairí a bhfuil sciar beagnach 50 % den mhargadh acu.
- (175) Ina theannta sin, bhí ar an tSín dul i ngleic le bearta trádála ar fud an domhain mar a bhí, rud a mhéadaigh an riosca go ndéanfaí onnmhairí ón tSín a atreorú chuig margadh an Aontais.
- (176) Tá ceann de na príomh-mhargáí, na Stáit Aontaithe, faoi chosaint ag bearta maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, rud a laghdaigh rochtain tháirgeoirí na Síne. Ina theannta sin, mar gheall ar bhearta frithdhumpála a bheith ann san India, lena ndírítear go sonrach ar allmhairí ón tSín ó mhí Mheán Fómhair 2022, laghdaíodh tuilleadh na cinn scríbe onnmhairiúcháin le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

5.3. **Praghsanna allmhairiúcháin dóchúla na Síne agus an tionchar dóchúil ar thionscal an Aontais**

- (177) Dá dtagraítear in aithris (127) déanann onnmhairí ón tSín chuig an Aontas sladghearradh thart ar 51 % ar mheánphraghsanna thionscal an Aontais.
- (178) Ós rud é go raibh tionscal an Aontais le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tagtha chuige féin ó thréimhse shuaite agus tréimhse a bhí deacair ón taobh eacnamaíocht de, lena n-áirítear paindéim Covid-19, agus cailleanais carntha aige, bhí sé fós i staid leochaileach. Is mór an seans, dá bhrí sin, cur tús arís le hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín i méideanna suntasacha lena ngearraí faoi phraghsanna an Aontais, go mbeadh drochthionchar suntasach ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, go háirithe maidir le táirgeadh, méideanna díolachán agus praghsanna díola, brabúsacht agus riachtanais infheistíochta, rud a mbeadh atarlú díobhála ábhartha mar thoradh air.

5.4. **Conclúid**

- (179) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart. Dá bhrí sin, ba dhócha go gcuirfeadh tús arís le díobháil ábhartha, rud a chuirfeadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol tromchúiseach.

6. LEAS AN AONTAIS

- (180) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

6.1. **Leas thionscal an Aontais**

- (181) Cé go raibh éifeacht fhaghartha ag na bearta frithdhumpála ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte a thagann isteach i margadh an Aontais, mar a leagtar amach in aithris (120), d'fhan tionscal an Aontais i staid leochaileach, mar a deimhníodh le treochtaí diúltacha táscairí díobhála amhail táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, fostaíocht, sreabhadh airgid agus infheistíochtaí.
- (182) Dá ligfí do na bearta dul in éag, is dócha go ndéanadh insreabhadh ar mhéideanna substaintiúla allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais. Bheifí ag súil leis go mbeadh an insreabhadh sin, i measc nithe eile, ina chúis le cailleanas ar sciar margaidh an Aontais, go dtiocfadh laghdú ar phraghsanna díolachán an Aontais, go dtiocfadh laghdú ar úsáid acmhainneachta an Aontais agus, go ginearálta, go dtiocfadh meath tromchúiseach ar staid airgeadais thionscal an Aontais.
- (183) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é leas thionscal an Aontais leanúint leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.

6.1.1. *Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara*

- (184) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na húsáideoirí aitheanta agus na hallmhaireoirí neamhghaolmhara uile. Níor tháinig aon úsáideoir ná allmhaireoir neamhghaolmhar chun tosaigh chun comhoibriú san imscrúdú seo trí fhreagra ceistneora a chur isteach. I bhfianaise na heaspa spéise a léirigh úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara, agus in éagmais aon tásca go raibh athrú tagtha ar na conclúidí ar thángthas orthu in imscrúduithe roimhe seo, níor measadh go raibh leanúint leis na bearta in aghaidh leas na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí.

6.1.2. *Conclúid maidir le leas an Aontais*

- (185) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn a luaitear thuas nárbh ann d'aon chúis láidir maidir le leas an Aontais in aghaidh leanúint leis na bearta atá ann faoi láthair ar allmhairí SSSPT de thionscnamh na Síne.

7. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

- (186) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúnachas na dumpála, leanúnachas na díobhála agus le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí SSSPT de thionscnamh na Síne, a choinneáil.
- (187) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtarátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(5) den Rialachán sin. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.
- (188) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(5) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (189) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtarátaí aonair is ísle tar éis fhórchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhórchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhórchur dá bharr sin.
- (190) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtarátaí frithdhumpála aonair.
- (191) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ⁽⁵⁰⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (192) Onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhe a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair maidir lena onnmhairí a shocrú, féadfaidh an t-onnmhaireoir nó an táirgeoir sin a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtaráta frithdhumpála é le haghaidh cuideachtaí comhoibriúcháin nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhe a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme maidir lena onnmhairí a shocrú; (ii) nach bhfuil sé comhlachaithe le cuideachta a rinne amhlaidh a d'fhágfadh go bhfuil sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann tar éis na tréimhe sin nó go ndeachaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí substaintiúla a onnmhairiú.

⁽⁵⁰⁾ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

- (193) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵¹⁾, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (194) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta (seachas píobáin agus feadáin den sórt sin a bhfuil feistis ceangailte leo atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta), atá faoi láthair faoi chóid AC 7304 11 00, 7304 22 00, 7304 24 00, ex 7304 41 00, 7304 49 10, ex 7304 49 93, ex 7304 49 95, ex 7304 49 99 agus ex 7304 90 00 (cóid TARIC 7304410090, 7304499390, 7304499590, 7304499990 agus 7304900091), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta/cuideachtaí	Dleachtráta cinntitheach frithdhumpála	Cód breise TARIC
Changshu Walsin Specialty Steel, Co. Ltd, Haiyu	71,9 %	B120
Shanghai Jinchang Stainless Steel Tube Manufacturing, Co. Ltd, Situan	48,3 %	B118
Wenzhou Jiangnan Steel Pipe Manufacuring, Co. Ltd, Yongz	48,6 %	B119
Cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo	56,9 %	
Gach cuideachta eile	71,9 %	B999

(3) Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin. An t-ús mainneachtana atá le híoc i gcás aisíocaíochta as a n-eascaíonn an ceart chun íocaíochta úis mainneachtana, is éard a bheadh ann an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsíú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpach, atá i bhfeidhm an chéad lá féilire den mhí ina bhfuil an sprioc-am, arna mhéadú faoi phointe céatadáin amháin.

(4) I gcás ina soláthraíonn aon táirgeoir onnmhairiúcháin nua sa tSín fianaise leordhóthanach don Choimisiún chun an méid seo a leanas a chruthú: (a) nár onnmhairigh sé chuig an Aontas an táirge ar a shonraítear i mír 1 sa tréimhse idir an 1 Iúil 2009 agus an 30 Meitheamh 2010 (an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh), (b) nach bhfuil sé comhlachaithe le haon onnmhaireoir ná táirgeoir i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán seo; (c) gur onnmhairigh iarbhrí chuig an Aontas an táirge lena mbaineann nó go bhfuil oibleagáid chonarthatrach neamh-inchúlghairthe air líon mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, féadfaidh an Coimisiún an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú tríd an táirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh agus atá, dá bhrí sin, faoi réir na meándleachta ualaithe nach mó ná 56,9 %.

⁽⁵¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(5) Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí frithdhumpála aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint agus a shainaitheofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) píopán agus feadán gan uaim de chruach dhosmálta a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad sa (tír lena mbaineann). Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

**TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN COMHOIBRÍOCHA Ó DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE NÁR
SAMPLÁLADH SAN IMSCRÚDÚ BUNAIDH**

Ainm	Cód breise TARIC
Baofeng Steel Group, Co. Ltd, Lishui,	B 236
Changzhou City Lianyi Special Stainless Steel Tube, Co. Ltd, Changzhou,	B 237
Huadi Steel Group, Co. Ltd, Wenzhou,	B 238
Huzhou Fengtai Stainless Steel Pipes, Co. Ltd, Huzhou,	B 239
Huzhou Gaolin Stainless Steel Tube Manufacture, Co. Ltd, Huzhou,	B 240
Huzhou Zhongli Stainless Steel Pipe, Co. Ltd, Huzhou,	B 241
Jiangsu Wujin Stainless Steel Pipe Group, Co. Ltd, Béising,	B 242
Jiangyin Huachang Stainless Steel Pipe, Co. Ltd, Jiangyin	B 243
Lixue Group, Co. Ltd, Ruian,	B 244
Shanghai Crystal Palace Pipe, Co. Ltd, Shang-hai,	B 245
Shanghai Baoluo Stainless Steel Tube, Co. Ltd, Shang-hai,	B 246
Shanghai Shangshang Stainless Steel Pipe, Co. Ltd, Shang-hai,	B 247
Shanghai Tianbao Stainless Steel, Co. Ltd, Shang-hai,	B 248
Shanghai Tianyang Steel Tube, Co. Ltd, Shang-hai,	B 249
Wenzhou Xindeda Stainless Steel Material, Co. Ltd, Wenzhou,	B 250
Wenzhou Baorui Steel, Co. Ltd, Wenzhou,	B 251
Zhejiang Conform Stainless Steel Tube, Co. Ltd, Jixing,	B 252
Zhejiang Easter Steel Pipe, Co. Ltd, Jiaxing,	B 253
Zhejiang Five — Star Steel Tube Manufacturing, Co. Ltd, Wenzhou,	B 254
Zhejiang Guobang Steel, Co. Ltd, Lishui,	B 255
Zhejiang Guobang Steel, Co. Ltd, Lishui,	B 256
Zhejiang Jiashang Stainless Steel, Co. Ltd, Cathair Jiaxing,	B 257
Zhejiang Jinxin Stainless Steel Manufacture, Co. Ltd, Baile Xiping,	B 258
Zhejiang Jiuli Hi Tech Metals, Co. Ltd, Huzhou,	B 259
Zhejiang Kanglong Steel, Co. Ltd, Lishui,	B 260
Zhejiang Qiangli Stainless Steel Manufacture, Co. Ltd, Baile Xiping,	B 261
Zhejiang Tianbao Industrial, Co. Ltd, Wenzhou,	B 262
Tsingshan Steel Pipe, Co. Ltd, Lishui,	B 263
Zhejiang Yida Special Steel, Co. Ltd, Baile Xiping.	B 264